Comhairle an Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 23 Samhain 2026
(OR. en)

16253/26

Comhad Idirinstitiúideach: 2025/0417(COD)

AGRI 862
AGRILEG 280
CODEC 2249
DELACT 181
POLCOM 430

NÓTA CLÚDAIGH

ó:	Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir
dáta a fuarthas:	23 Samhain 2026
chuig:	Thérèse BLANCHET, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh
Uimh. an doic. ón gCoim.:	C(2026) 8242 final
Ábhar:	RIALACHÁN TARMLIGTHE (AE) …/... ÓN gCOIMISIÚN an 23.11.2026 lena leasaítear Rialachán Tarmligthe (AE) 2021/1342 ón gCoimisiún a mhéid a bhaineann leis an dáta éaga le haghaidh aitheantas a thabhairt do thríú tíortha a shainaithnítear chun críoch coibhéise faoi Airteagal 33(2) de Rialachán (CE) Uimh. 834/2007 ón gComhairle

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad C(2026) 8242 final.

Faoi iamh: C(2026) 8242 final

AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 23.11.2026
C(2026) 8242 final

RIALACHÁN TARMLIGTHE (AE) …/... ÓN gCOIMISIÚN

an 23.11.2026

lena leasaítear Rialachán Tarmligthe (AE) 2021/1342 ón gCoimisiún a mhéid a bhaineann leis an dáta éaga le haghaidh aitheantas a thabhairt do thríú tíortha a shainaithnítear chun críoch coibhéise faoi Airteagal 33(2) de Rialachán (CE) Uimh. 834/2007 ón gComhairle

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

MEABHRÁN MÍNIÚCHÁIN

1. COMHTHÉACS AN GHNÍMH THARMLIGTHE

Le Rialachán Tarmligthe (AE) 2021/1342 ón gCoimisiún[1], forlíontar Rialachán (AE) 2018/848 le rialacha i dtaca leis an bhfaisnéis atá le seoladh ag tríú tíortha agus ag údaráis rialaithe agus ag comhlachtaí rialaithe chun críche maoirseachta ar a n-aitheantas faoi Airteagal 33(2) agus (3) de Rialachán (CE) Uimh. 834/2007 ón gComhairle[2] maidir le táirgí orgánacha allmhairithe agus na bearta atá le déanamh i bhfeidhmiú na maoirseachta sin.

Go sonrach, leis an triú mír d'Airteagal 5 den Rialachán Tarmligthe thuasluaite leagtar amach an dáta éaga le haghaidh chur i bhfeidhm na bhforálacha maidir le maoirseacht agus athbhreithniú a dhéanamh ar an aitheantas a thugann an Coimisiún do na tríú tíortha coibhéiseacha sin le cúnamh ó na Ballstáit.

An dáta éaga le haghaidh aitheantas a thabhairt do na tríú tíortha ar sainaithníodh go bhfuil a dtáirgeadh orgánach agus a gcórais rialaithe coibhéiseach le táirgeadh orgánach agus córais rialaithe an Aontais, leagtar amach é in Airteagal 48(1) de Rialachán (AE) 2018/848 a mhéid a bhaineann le rialacha áirithe maidir le táirgeadh, lipéadú agus deimhniú agus rialacha áirithe maidir le trádáil le tríú tíortha[3].

Chun maoirseacht éifeachtach a áirithiú agus chun a áirithiú go bhféadfar athbhreithniú a dhéanamh ar na coibhéisí sin fad a bheifear á gcur i bhfeidhm, is gá a áirithiú nach dtiocfaidh aon neamhréireacht chun cinn sna dátaí dá bhforáiltear in Airteagal 48(1) de Rialachán (AE) 2018/848 agus sa tríú mír d'Airteagal 5 de Rialachán Tarmligthe (AE) 2021/1342.

Tá malartuithe teicniúla fós ar siúl leis na tríú tíortha sin d'fhonn comhaontuithe a thabhairt i gcrích maidir le trádáil i dtáirgí orgánacha. Sa togra ón gCoimisiún le haghaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leasaítear Rialachán (AE) 2018/848 a mhéid a bhaineann le rialacha áirithe maidir le táirgeadh, lipéadú agus deimhniú agus rialacha áirithe maidir le trádáil le tríú tíortha[4], mhol sé síneadh go dtí an 31 Nollaig 2036 a chur leis an dáta éaga a leagtar amach in Airteagal 48(1) den Rialachán sin chun cur isteach ar thrádáil táirgí orgánacha a sheachaint.

Leis an leasú seo, cuirtear crostagairt don dáta a leagtar amach in Airteagal 48(1) de Rialachán (AE) 2018/848 in ionad an dáta sa tríú mír d'Airteagal 5 de Rialachán Tarmligthe (AE) 2021/1342 chun cur i bhfeidhm Rialachán Tarmligthe (AE) 2021/1342 a ailíniú leis an dáta sin.

An t-aitheantas a tugadh d'údaráis rialaithe agus do chomhlachtaí rialaithe a dheonaítear faoi Airteagal 33(3) de Rialachán (CE) Uimh. 834/2007, chuaigh sé in éag an 31 Nollaig 2024, i gcomhréir le hAirteagal 57(1) de Rialachán (AE) 2018/848. Dá réir sin, scriostar leis an leasú

---

1 Rialachán Tarmligthe (AE) 2021/1342 ón gCoimisiún an 27 Bealtaine 2021 lena bhforlíontar Rialachán (AE) 2018/848 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle le rialacha i dtaca leis an bhfaisnéis atá le seoladh ag tríú tíortha agus ag údaráis rialaithe agus ag comhlachtaí rialaithe chun críche maoirseachta ar a n-aitheantas faoi Airteagal 33(2) agus (3) de Rialachán (CE) Uimh. 834/2007 ón gComhairle maidir le táirgí orgánacha allmhairithe agus na bearta atá le déanamh i bhfeidhmiú na maoirseachta sin (IO L 292, 16.8.2021, lch. 20).

2 Rialachán (CE) Uimh. 834/2007 ón gComhairle an 28 Meitheamh 2007 maidir le táirgeadh orgánach agus lipéadú táirgí orgánacha agus lena n-aisghairtear Rialachán (CEE) Uimh. 2092/91 (IO L 189, 20.7.2007, lch. 1).

3 Rialachán (AE) 2018/848 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 30 Bealtaine 2018 maidir le táirgeadh orgánach agus lipéadú táirgí orgánacha agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 834/2007 ón gComhairle (IO L 150, 14.6.2018, lch. 1).

4 COM/2025/780 final.

seo na forálacha agus na tagairtí a bhaineann leis na húdaráis rialaithe agus na comhlachtaí rialaithe sin i Rialachán Tarmligthe (AE) 2021/1342 toisc nach bhfuil siad infheidhme a thuilleadh.

2. COMHAIRLIÚCHÁIN ROIMH GHLACADH AN GHNÍMH

Pléadh an gníomh leis an nGrúpa Saineolaithe um Tháirgeadh Orgánach. Chuaigh AS AGRI i gcomhar le hArd-Stiúrthóireachtaí eile, de réir mar ba ghá, i réimse an tsaineolais shonraigh atá acu agus na rialacha sin á ndréachtú. Foilsíodh an dréachtrialachán tarmligthe chun go dtabharfaí aiseolas air ar thairseach an Choimisiúin Eorpaigh ‘Cloisimis uait’ ón 31 Iúil go 28 Lúnasa 2026. Fuarthas ceithre aighneacht. Is cosúil gur ó shaoránaigh phríobháideacha a tháinig trí cinn de na haighneachtaí sin; cuirtear in iúl i gceann amháin acu go bhfuiltear ag tacú leis an togra, cuirtear in iúl sa dara ceann go bhfuiltear ag easaontú leis agus sa tríú haighneacht cuirtear ábhair imní in iúl maidir le trédhearcacht. Tháinig an ceathrú haighneacht ó eintiteas eacnamaíoch atá gníomhach i réimse na n-orgánach. Mheas siad gur leasuithe réasúnta iad na leasuithe atá beartaithe. Níor measadh go raibh gá le haon mhodhnú tar éis an chomhairliúcháin phoiblí.

3. EILIMINTÍ DLÍ AN GHNÍMH THARMLIGTHE

Leis an ngníomh tarmligthe seo, cuirtear crostagairt don dáta a leagtar amach in Airteagal 48(1) de Rialachán (AE) 2018/848 in ionad an dáta sa tríú mír d'Airteagal 5 de Rialachán Tarmligthe (AE) 2021/1342.

Scriostar leis an ngníomh tarmligthe freisin na forálacha agus na tagairtí a bhaineann le húdaráis rialaithe agus le comhlachtaí rialaithe a aithnítear i gcomhréir le hAirteagal 33(3) de Rialachán (CE) Uimh. 834/2007, tar éis a n-aitheantas a dhul in éag an 31 Nollaig 2024.

RIALACHÁN TARMLIGTHE (AE) …/... ÓN gCOIMISIÚN

an 23.11.2026

lena leasaítear Rialachán Tarmligthe (AE) 2021/1342 ón gCoimisiún a mhéid a bhaineann leis an dáta éaga le haghaidh aitheantas a thabhairt do thríú tíortha a shainaithnítear chun críoch coibhéise faoi Airteagal 33(2) de Rialachán (CE) Uimh. 834/2007 ón gComhairle

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2018/848 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 30 Bealtaine 2018 maidir le táirgeadh orgánach agus lipéadú táirgí orgánacha agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 834/2007 ón gComhairle[5], agus go háirithe Airteagail 48(4) agus 57(3) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Le Rialachán Tarmligthe (AE) 2021/1342 ón gCoimisiún[6], forlíontar Rialachán (AE) 2018/848 le rialacha i dtaca leis an bhfaisnéis atá le seoladh ag tríú tíortha agus ag údaráis rialaithe agus ag comhlachtaí rialaithe chun críche maoirseachta ar a n-aitheantas faoi Airteagal 33(2) agus (3) de Rialachán (CE) Uimh. 834/2007 ón gComhairle[7] maidir le táirgí orgánacha allmhairithe agus na bearta atá le déanamh i bhfeidhmiú na maoirseachta sin.

(2) Tar éis dul in éag, de bhun Airteagal 57(1) de Rialachán (AE) 2018/848, don aitheantas a tugadh d'údaráis rialaithe agus do chomhlachtaí rialaithe i gcomhréir le hAirteagal 33(3) de Rialachán (CE) Uimh. 834/2007 an 31 Nollaig 2024, ba cheart na forálacha agus na tagairtí i Rialachán Tarmligthe (AE) 2021/1342 a bhaineann leis na húdaráis rialaithe agus leis na comhlachtaí rialaithe sin a scriosadh.

(3) Ós rud é go leagtar amach i Rialachán (AE) 2018/848 dáta éaga an aitheantais do thríú tír chun críoch coibhéise faoi Airteagal 33(2) de Rialachán (CE) Uimh. 834/2007, ba cheart cur i bhfeidhm Rialachán Tarmligthe (AE) 2021/1342 a ailíniú leis an dáta sin.

(4) Ba cheart, dá bhrí sin, Rialachán Tarmligthe (AE) 2021/1342 a leasú dá réir sin,

---

5 Rialachán (CE) Uimh. 834/2007 ón gComhairle an 28 Meitheamh 2007 maidir le táirgeadh orgánach agus lipéadú táirgí orgánacha agus lena n-aisghairtear Rialachán (CEE) Uimh. 2092/91 (IO L 189, 20.7.2007, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2007/834/oj).

6 Rialachán Tarmligthe (AE) 2021/1342 ón gCoimisiún an 27 Bealtaine 2021 lena bhforlíontar Rialachán (AE) 2018/848 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle le rialacha i dtaca leis an bhfaisnéis atá le seoladh ag tríú tíortha agus ag údaráis rialaithe agus ag comhlachtaí rialaithe chun críche maoirseachta ar a n-aitheantas faoi Airteagal 33(2) agus (3) de Rialachán (CE) Uimh. 834/2007 ón gComhairle maidir le táirgí orgánacha allmhairithe agus na bearta atá le déanamh i bhfeidhmiú na maoirseachta sin (IO L 292, 16.8.2021, lch. 20, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_del/2021/1342/oj).

7 Rialachán (CE) Uimh. 834/2007 ón gComhairle an 28 Meitheamh 2007 maidir le táirgeadh orgánach agus lipéadú táirgí orgánacha agus lena n-aisghairtear Rialachán (CEE) Uimh. 2092/91 (IO L 189, 20.7.2007, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2007/834/oj).

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Leasuithe ar Rialachán Tarmligthe (AE) 2021/1342

Leasaítear Rialachán Tarmligthe (AE) 2021/1342 mar a leanas:

(1) cuirtear an méid seo a leanas in ionad an teidil:

‘Rialachán Tarmligthe (AE) 2021/1342 ón gCoimisiún an 27 Bealtaine 2021 lena bhforlíontar Rialachán (AE) 2018/848 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle le rialacha i dtaca leis an bhfaisnéis atá le seoladh ag tríú tíortha chun críche maoirseachta ar a n-aitheantas faoi Airteagal 33(2) de Rialachán (CE) Uimh. 834/2007 ón gComhairle maidir le táirgí orgánacha allmhairithe agus na bearta atá le déanamh i bhfeidhmiú na maoirseachta sin’;

(2) scriostar Airteagail 2 agus 4;

(3) leasaítear Airteagal 4a mar a leanas:

(a) scriostar mír 2;

(b) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 3:

‘3. Féadfaidh an Coimisiún na hiarrataí ar chúnamh a roinnt idir na Ballstáit go comhréireach ar líon vótaí gach Ballstáit sa Choiste um tháirgeadh orgánach.’;

(4) leasaítear Airteagal 5 mar a leanas:

(a) cuirtear an méid seo a leanas in ionad an tríú mír:

‘Beidh feidhm ag Airteagail 1 agus 3 agus ag Airteagal 4a(1) go dtí dáta éaga an aitheantais mar a leagtar amach in Airteagal 48(1), an dara fomhír, de Rialachán (AE) 2018/848.’;

(b) scriostar an ceathrú mír.

Airteagal 2

Teacht i bhfeidhm

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an tríú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, 23.11.2026

Thar ceann an Choimisiúin
An tUachtarán
Ursula VON DER LEYEN